Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8355/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0094(NLE)**

**AVIATION 86**
**RELEX 462**
**ASIE 34**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Aibreán 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 195 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin, maidir le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 195 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 195 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 17.4.2023
COM(2023) 195 final

2023/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin, maidir le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

An 22 Meitheamh 2020, shínigh an tAontas Eorpach agus an tSeapáin comhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta ('an Comhaontú'), chun comhar déthaobhach a chothú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta agus chun trádáil agus infheistíocht i dtáirgí aerloingseoireachta a éascú idir an tAontas agus an tSeapáin. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021.

In Airteagal 11(1) agus (3) den Chomhaontú, luaitear go mbunaítear Comhchoiste na bPáirtithe ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe agus go ndéanfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh. Baineann an togra seo leis na rialacha nós imeachta.

Chun go nglacfaidh an tAontas na rialacha nós imeachta ag an gComhchoiste, is gá Cinneadh ón gComhairle chun an Coimisiún (arb é a dhéanann ionadaíocht thar ceann an Aontais ag cruinnithe an Chomhchoiste) a údarú chun na rialacha nós imeachta a ghlacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste.

### 1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Is cuid den Straitéis Eitlíochta don Eoraip é an comhar idir an tAontas agus an tSeapáin maidir le sábháilteacht eitlíochta. Tá na dréacht-rialacha nós imeachta atá beartaithe cosúil leis na dréacht-rialacha nós imeachta a glacadh le haghaidh Comhchoistí comhaontuithe sábháilteachta eitlíochta déthaobhacha eile idir an tAontas agus tríú tíortha.

### 1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an Comhaontú ina chuspóir bunúsach de bheartas seachtrach eitlíochta an Aontais tríd an tsábháilteacht na heitlíochta sibhialta a fheabhsú agus trí thrádáil agus infheistíocht i dtáirgí aerloingseoireachta a éascú.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Bunús dlí

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 100(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

### 2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Neamhbhainteach.

### 2.3. Comhréireacht

Neamhbhainteach.

### 2.4. An rogha ionstraime

Neamhbhainteach.

## 3. TORTHAÍ NA MEASTÓIREACHTAÍ *EX-POST*, AN COMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA GEALLSEALBHÓIRÍ AGUS NA MEASÚNUITHE TIONCHAIR.

### 3.1. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Neamhbhainteach.

### 3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Neamhbhainteach.

### 3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

Neamhbhainteach.

### 3.4. Measúnú tionchair

Neamhbhainteach.

### 3.5. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Neamhbhainteach.

### 3.6. Cearta bunúsacha

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

### 5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Sa Chomhchoiste, a bunaíodh le hAirteagal 11 den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais, tabharfaidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh ('EASA') cabhair dó agus beidh údaráis eitlíochta na mBallstát in éineacht leis.

### 5.2. Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)

Neamhbhainteach.

### 5.3. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Deich mír atá sna dréacht-rialacha nós imeachta.

Déantar foráil i mír 1 maidir le sainmhínithe ar an téarma 'Páirtí'

Sonraítear i Mír 2 go mbeidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ón tSeapáin ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. Sainítear leis an Mír sin freisin go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, go dtabharfaidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) cabhair dó agus go mbeidh údaráis eitlíochta na mBallstát in éineacht leis. Ar deireadh, luaitear i Mír 2 go ndéanann Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine agus/nó Misean na Seapáine chuig an

Aontas Eorpach ionadaíocht thar ceann na Seapáine sa Chomhchoiste agus go bhfuil an Aireacht Talún, Bonneagair, Iompair agus Turasóireachta in éineacht leo.

Leagtar amach i Mír 3 go dtiocfaidh an Comhchoiste le chéile go tráthrialta agus go ndéanfar sealaíocht maidir le suíomh na gcruinnithe idir an Bhruiséil agus Tóiceo, a mhéid is féidir. De mhalairt air sin, d'fhéadfaí plé trí fhíschomhdháil a eagrú ina mbeadh an stádas céanna ag cinntí agus moltaí a ghlacfaí le linn físchomhdhálacha agus a bhíonn acu sin a ghlactar i gcruinnithe fisiceacha. Lena chois sin, mura gcomhaontóidh na cathaoirligh a mhalairt, ní bheidh cead ag an bpobal páirt a ghlacadh i gcruinnithe an Chomhchoiste. Féadfar preaseisiúint a chur amach i ndiaidh na gcruinnithe de chomhthoil na gcathaoirleach. Is i mBéarla a reáchtálfar na cruinnithe agus a scríobhfar na doiciméid. Is é an Páirtí a iarrann ateangaireacht nó aistriúchán go teanga eile a sheasfaidh na costais lena mbaineann.

Sonraítear i Mír 4 go gcuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas, roimh gach cruinniú, faoi chomhdhéanamh beartaithe a dtoscaireachtaí faoi seach, agus ainmneoidh siad a gcathaoirleach féin faoi seach. Féadfaidh na cathaoirligh, ar bhonn *ad hoc*, a chinneadh iarraidh ar rannpháirtithe seachtracha freastal ar na cruinnithe chun faisnéis ar ábhair ar leith a sholáthar, nó mar bhreathnóirí.

I Mír 5, sonraítear go ngníomhóidh oifigeach ón gCoimisiún Eorpach agus oifigeach ó Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine go comhpháirteach mar rúnaithe an Chomhchoiste.

I Mír 6, sonraítear go leagfaidh na cathaoirligh síos clár oibre sealadach gach cruinnithe de chomhthoil. Tarchuirfidh na rúnaithe an clár oibre sealadach sin agus aon doiciméad atá ábhartha maidir leis an gcruinniú chuig na rannpháirtithe ar a laghad cúig lá oibre dhéag roimh dháta an chruinnithe. Lena chois sin, glacfaidh an Comhchoiste an clár oibre ag tús gach cruinnithe, agus féadfar míreanna eile seachas iad siúd atá ar an gclár oibre sealadach a chur ar an gclár oibre, má chinneann na Páirtithe sin. Féadfaidh na cathaoirligh an teorainn ama maidir le doiciméid a tharchur, dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear an clár oibre sealadach, a mhodhnú de chomhthoil, chun ceanglais nósanna imeachta inmheánacha Páirtí nó práinn ábhar áirithe a chur san áireamh.

I Mír 7, sonraítear go ndéanfar dréachtmhiontuairiscí gach cruinnithe den Chomhchoiste a tharraingt suas tar éis an chruinnithe. Léireofar iontu na cinntí agus na moltaí a glacadh agus na conclúidí a rinneadh. Nuair a bheidh na miontuairiscí formheasta, síneoidh na cathaoirligh iad agus comhdóidh gach Páirtí cóip bhunaidh nó cóip scanta amháin. Tá síniú agus cartlannú leictreonach indéanta.

Baineann Mír 8 leis an nós imeachta i scríbhinn a shainmhíniú, chun a cheadú, i gcás inar gá agus inar cuí-réasúnaithe, go bhféadfar moltaí agus cinntí an Chomhchoiste a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Chun na críche sin, malartóidh na cathaoirligh na dréachtbhearta a lorgaítear tuairim an Chomhchoiste ina leith, agus féadfar an tuairim sin a dheimhniú trí mhalartú comhfhreagrais ina dhiaidh sin. Mar sin féin, féadfaidh aon Pháirtí a iarraidh go dtionólfar an Comhchoiste chun an t-ábhar a phlé.

I Mír 9, sonraítear an próiseas cinnteoireachta sa Chomhchoiste. Is de chomhthoil na bPáirtithe a ghlacfaidh an Comhchoiste a chuid cinntí agus moltaí. 'Cinneadh' agus 'Moladh' an teideal a bheidh ar chinntí agus ar mholtaí an Chomhchoiste faoi seach, agus ina dhiaidh sin beidh sraithuimhir, dáta a nglactha agus tuairisc ar a n-ábhar. Síneoidh na cathaoirligh cinntí agus moltaí an Chomhchoiste. Déanfaidh na Páirtithe na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste a chur chun feidhme i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha féin.

Féadfaidh na Páirtithe na cinntí a ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin. Féadfar moltaí nó aon ghníomh eile a ghlacfaidh an Comhchoiste a fhoilsiú má chinneann na Páirtithe sin. Coinneoidh gach Páirtí cóip bhunaidh nó cóip scanta amháin de na cinntí agus de na moltaí.

Baineann Mír 10 leis na costais. Beidh na Páirtithe freagrach as a gcostais féin a íoc, costais a thabhaítear mar gheall ar a rannpháirtíocht i gcruinnithe an Chomhchoiste agus cruinnithe i gcomhréir le cinntí agus moltaí an Chomhchoiste, lena n-áirítear caiteachas foirne, taistil agus cothaithe agus costais phoist agus teileachumarsáide. Is é an Páirtí a óstálfaidh an cruinniú a sheasfaidh caiteachas a bhaineann le heagrú ábharach na gcruinnithe.

2023/0094 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste faoin gComhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin, maidir le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Formheasadh an Comhaontú maidir le sábháilteacht na heitlíochta sibhialta idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin[1] ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais trí CHINNEADH (AE) 2021/112 ÓN gCOMHAIRLE an 25 Eanáir 2021[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2021[3].

(2) In Airteagal 11 (1) den Chomhaontú, déantar foráil maidir le Comhchoiste na bPáirtithe a bhunú le haghaidh fheidhmiú éifeachtach an Chomhaontuithe.

(3) Ina theannta sin, foráiltear in Airteagal 11 (3) den Chomhaontú go ndéanfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta a tharraingt suas agus a ghlacadh.

(4) Chomhoibrigh an Coimisiún agus Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Seapáine le chéile chun dréacht-rialacha nós imeachta a tharraingt suas.

(5) Is iomchuí an seasamh a bhunú atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a mhéid a bhaineann le glacadh rialacha nós imeachta an Chomhchoiste, ós rud é go mbeidh siad ina gceangal ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an dréacht-Chinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

(1) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste arna bhunú ag an gComhaontú maidir le sábháilteacht don eitlíochta shibhialta idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, déanfar iad a bhunú ar dhréacht-Chinneadh an Chomhchoiste[4].

(2) Féadfaidh ionadaí an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

[1] IO L 229, 16.7.2020, lgh. 4-25
[2] IO L 36, 2.2.2021, lgh. 1-2
[3] IO L 230, 30.6.2021, lch. 4.
[4] Féach doiciméad ST……../23 ar http://register.consilium.europa.eu.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*